



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 544 de 2017**

---

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR  
PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2017

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR  
PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2017

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) agus an tOrdú um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2017 (I.R. Uimh. 315 de 2017) (arna oiriúnú leis an Ordú um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 (I.R. Uimh. 350 de 2017)), déanaimse, Joe McHugh, Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. An tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú), 2017 is teideal don Ordú seo.

2. Tá gach ceann de na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta chun críocha alt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

AN SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga: Cois Fharráige, Co. na Gaillimhe**

- (1) Na toghranna ceantair seo a leanas: Cill Chuimín (Gaillimh), Sailearna, Cill Aithnín, An Spidéal agus Na Forbacha.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh,  
15 Samhain 2017.

JOE MCHUGH,  
Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.



STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 544 of 2017**

---

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT  
LANGUAGE PLANNING AREAS) ORDER 2017

S.I. No. 544 of 2017

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT  
LANGUAGE PLANNING AREAS) ORDER 2017

I, JOE McHUGH, Minister of State at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, in exercise of the powers conferred on me by section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) and the Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (Delegation of Ministerial Functions) Order 2017 (S.I. No. 315 of 2017) (as adapted by the Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order (S.I. No. 350 of 2017)), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Language Planning Areas) Order 2017.

2. The areas specified in the Schedule are each designated to be a Gaeltacht Language Planning Area for the purposes of section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

*Notice of the making of this Statutory Instrument was published in  
"Iris Oifigiúil" of 1st December, 2017.*

SCHEDULE

**Language Planning Area: Cois Fharráige, Co. Galway**

- (1) The following electoral division areas: Cill Chuimín (Galway), Sailearna, Cill Aithnín, An Spidéal and Na Forbacha.

GIVEN under my hand,  
15 November 2017.

JOE McHUGH,  
Minister of State at the Department of Culture, Heritage and  
the Gaeltacht.

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

---

€2.54



Wt. (B33087). 285. 11/17. Essentra. Gr 30-15.